Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14962/25**

**ACP 112**
**WTO 106**
**COASI 135**
**RELEX 1406**
**UD 256**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9451/1/20 ADD 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, lena leasaítear forálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin<br>– Formheas an leagain Gaeilge |

1. An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (10898/20) in 24 theanga. Leagadh amach an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, lena leasaítear forálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, in 10899/20 in 23 theanga.

2. An 30 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún moladh le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 (12034/25 + ADD 1).

3. Tá an leagan Gaeilge den dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil a luaitear i mír 1, nár táirgeadh in 2020, ar fáil anois.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle an t-aistriúchán Gaeilge ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil, mar a leagtar amach in 10899/20 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.